Airgintín agus Locha Riach

Tháinig slua mhór ar cuairt go Baile Locha Riach le deireanas agus an long mór Libertad istigh i gcuan na Gaillimhe le cúpla lá.

Mar a tharla, tá ceangail ag Baile Locha Riach le lucht na hAirgintíne ar an ábhar go raibh tionchar nach beag ag *An t-Ath. Anthony Fahy (1805 –1871)* ar thír na Meiriceá Theas siar sa naoú haois déag.

Nochtaíodh leacht cuimhniúcháin in ónóir don sagart. Tuigtear go ndearna an sagart áirithe seo a lán oibre ar son na mbocht, gur fear a d'oibrigh go díograiseach ar son an phobail. Bhí dualgasaí éagsúla air mar chomhairleoir i dtaobh cúrsaí dlí is airgid agus bhíodh sé ag feidhmniú mar bhreitheamh sa cheantar fosta. Thaisteal sé na mílte míle i sléibhte na hAirgintíne ar dhroim capaill. Bhí sé san Airgintín le linn an Ghorta Mhór in Éireann agus bhailigh siad £441 le cur ar ais go hÉireann.

Is léir go bhfuil cuimhne ag muintir na hAirgintíne ar cheantar Oirthear na Gaillimhe go fóill agus iad tagtha ar cuairt go speisialta ar Bhaile Locha Riach le léacht cuimhneacháin a nochtadh is seisiún ceoil a bheith acu leis an chraobh áitiúil de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann. B'iontach an rud é an nasc idir cultúr dúchasach na hÉireann a neartú athuair agus baineadh an-sult as scoth an cheoil i rith na hoíche.

Bean ón Airgintín ag casadh amhráin dúchasach a tíre féin le linn seisiún ceoil eagraithe go speisialta i mBaile Locha Riach.